

Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin Scéim Cíos 2017

(1) Dáta Tosaigh

Beidh feidhm leis an Scéim seo ón lá gála an 11ú Márta 2017.

(2) Cíos a Ríomh

Déanfar Cíos na nÁitreabh arna ligean ar Chíos Dífreálach a ríomh ar bhonn ioncaim teaghlaigh reatha, cé is moite de 4 (d) thíos.

Is é an Príomhshaothraí an duine den teaghlach atá ag fáil an ioncaim inmheasúnaithe is airde. Déanfar an cíos a ríomh ag 16% d'ioncam inmheasúnaithe seachtainiúil an phríomhshaothraí is mó ná €35. Tar éis chíos an phríomhshaothraí a mheasúnú, déanfar an ríomh céanna a chur i bhfeidhm ar ioncaim foshaothraithe (m.sh. áitritheoirí eile) sa teaghlach, ach sa chás seo, cuirfear teorainn le ríomh an chíos maidir le gach foshaothraí ag €18 in aghaidh an duine.

Faoin Scéim seo tiocfaidh laghdú €1 ar chíos seachtainiúil maidir le gach leanbh cleithiúnach (m.sh. duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nach bhfuil ioncam neamhspleách aige nó aici nó, ar an té sin a bheith faoi 23, atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha oideachais). Chun críche na Scéime seo, meastar an leanbh nó an mac léinn lánaimseartha faoi 23 bliana d'aois a bheith á chothabháil go príomha ag an bPríomhshaothraí/ag an bhFoshaothraí má tá a (h)ioncam níos lú ná €100 in aghaidh na seachtaine.

Agus cíos á chinneadh i gcás tionóntacht nua nó aistriú tionóntachta, déanfar ioncam inmheasúnaithe a áireamh faoi threoir staid ioncaim an teaghlaigh ar dháta an ligin.

(3) Ioncam Inmheasúnaithe Dhuine Fostaithe

Is ionann ioncam inmheasúnaithe dhuine fostaithe, go ginearálta, agus an gnáthphá seachtainiúil, lena n-áirítear ragobair, glan ar cháin ioncaim, muirear sóisialta uilíoch agus Íocaíochtaí ÁSPC (nuair is infheidhme). Déanfar íocaíochtaí bónaís cnapshuime ócáideacha a eisiamh ó ríomh an chíos ach amháin i gcásanna ina bhfuil an méid atá i gceist níos mó ná aon trian den bhunphá.

I gcásanna den sórt sin, déanfar an bhreis a mheas chun críocha cíosa. Tá gach íocaíocht rialta eile i gcáil pá inmheasúnaithe.

Ní mór sonraí ioncaim reatha maidir le gach áititheoir fostaithe i dteaghlach a bheith deimhnithe ag an bhfostóir iomchuí agus seolta ag an tionónta / na tionóntaí chuig an gComhairle gach bliain agus / nó de réir mar a iarrtar iad. Caithfidh tionóntaí / áititheoirí a bhfuil conarthaí náid-uaireanta acu cóip den chonradh iomchuí agus Ráiteas P21 nó cáipéisíocht iomchuí eile a chur isteach nuair atá siad ar fáil, chun cuidiú le hioncam inmheasúnaithe a chinneadh.

I gcás daoine féinfhostaithe, déanfar ioncaim a chinneadh ar bhonn na n-ioncam measta thíos.

Slí Bheatha	Glanioncam Measta
Tiománaithe Tacsáí: - Úinéirí Plátaí Cláraithe	€500
Tiománaithe Hacnaí agus Atiománaithe	€470
Ceardaithe	€540
Neamhthrádála/Gnóthaí Eile	€470

(4) Déanfar ioncam ó na foinsí seo a leanas a mheasúnú in iomlán chun críche cíosa

- (a) Ioncam ó fhostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht.
- (b) Gach árachas sóisialta agus íocaíochtaí cúnamh shóisialta, liúntais agus pinsin, liúntais H.S.E. agus liúntais oiliúna FÁS.
- (c) Ioncam ó aon phinsin nó ó fhoinsí eile nach n-áirítear in (a) nó (b) thuas.
- (d) Beidh feidhm le ráta iomlán an tsochair/an liúntais chun críche measúnachta cíosa sa chás ina bhfuil an duine dífhostaithe ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist Iaghdaíthe, Liúntas Cuardaitheora Poist nó Liúntas Leasa Forlíontach faoi Ailt 7 - 9 den Acht Leasa Shóisialaigh 2010.
- (e) Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh.

(5) Déanfar neamhaird ar ioncam ó na foinsí seo a leanas:

- (a) Sochar Linbh, Liúntais nó Pinsin Dílleachta
- (b) An chéad €100 d'ioncam leanaí nó mac léinn lánaimseartha faoi 23 bliain.
- (c) Liúntais Cúram Altrama
- (d) Scoláireachtaí, Deontais Ardoideachais.
- (e) Liúntais le haghaidh cúram baile do leanaí faoi bhac
- (f) Liúntais nó cúnamh a fuarthas ó aon eagraíocht charthanúil.
- (g) Liúntas Maireachtála Aonair/Liúntas Breosla.
- (h) Liúntas do dhaoine Os Cionn 80.
- (i) Íocaíochtaí Riachtanas Eisceachtúil do Riachtanais Bhuntábhachtacha - iníoctha le costais do dhaoine faoi mhíchumas a chumhdach.

(6) Foinsí eile ioncaim:

Faoi réir teorainneacha maidir le creidmheasanna siardhátaithe faoi Alt 12 den Scéim seo, déanfar na foinsí ioncaim atá liostaithe thíos a mheasúnú ón dáta deimhnithe ar bhonn méid is comhionann leis an ráta cuí Leasa Shóisialaigh:

- ❑ Tacaíochtaí fostaíochta mar Scéim Fostaíochta Pobail/Gateway/Tús/JobBridge
- ❑ Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas
- ❑ Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair
- ❑ Comhpháirtíochtaí Limistéir - ar feadh 12 mí
- ❑ Liúntas/Sochar Cúramóra. **Nóta:** *Sa chás ina bhfuil an Cúramóir fostaithe chomh maith, déanfar an foinse is mó ioncaim a mheasúnú chun críche cíosa.*

(7) Buiséad Teaghlaigh

Is polasaí maidir le gach ligin nua é go síneadh an tionónta / na tionóntaí foirm asbhainte Buiséad Teaghlaigh/Buan-Ordú nuair is cuí.

(8) Cíos Uasta

Ní bheidh aon chíos uasta i gceist.

(9) Cíos Íosta

Déanfar aon mhuirir chíosa faoin scéim seo a ríomh faoi réir muirir íosta €22.00 gan muirir bhreise faoi Alt 10 san áireamh.

(10) Muirir Bhreise

Forchoimeádann an Chomhairle an ceart muirir bhreise a chur i bhfeidhm ar roinnt réadmhaoine chun costas na seirbhísí breise a chuirtear ar fáil dóibh a chlúdach, m.sh. muirir chothabhála coirí, etc.

(11) Cíosanna Seasta

Sa chás ina bhfuil feidhm le cíos seasta, tiocfaidh méadú €1 in aghaidh na seachtaine ar an gcíos. Féadfaidh tionóntaí, áfach, roghnú Cíos Dífreálach a íoc, m.sh. cíos ríofa ar bhonn ioncaim de réir fhorálacha na scéime seo.

(12) Athruithe maidir le hIoncam nó Imthosca Teaghlaigh

Ba chóir aon méadú ar ioncam a chur in iúl don Chomhairle a luaithe agus a tharlaíonn sé chun cíosanna siardhátaithe a sheachaint.

Ní mór cáipéisíocht a thacaíonn le hathruithe ar ioncam teaghlaigh a bheith ábhartha don tréimhse atá faoi athbhreithniú agus a chur ar fáil don Chomhairle a luaithe a bheidh sí ar fáil. Sa chás ina soláthraítear cáipéisíocht den sórt sin go déanach, ba chóir do

thionóntaí a bheith ar aird go ndéanfar cíosanna creidmheasanna a shiardhátú (nuair is cuí) suas go dtí tréimhse nach faide ná 18 mí.

Ba chóir a thabhairt ar aird nuair a iarrann an Chomhairle sonraí ioncaim áirithe ar ais, go bhforchoimeádann sí an ceart, sa chás ina gclisfeadh ar an tionónta an fhaisnéis sin a sholáthar, ioncam a mheas nó muirear pionóis a chur i bhfeidhm chun críocha measúnaithe.

Nóta: Ní mór athruithe maidir le hioncam nó imthosca teaghlaigh a chur in iúl don Chomhairle a luaithe is a tharlaíonn siad mar mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfaí méaduithe cíosa a shiardhátú.

Nuair is mian le tionóntaí duine sa bhreis a chur ar a gcuntas cíosa, tá dualgas orthu foirm iarratais Cead-chun-Cónaí atá ar fáil ón Rannóg Leithdháiltí a chomhlánú. Is sárú ar an gComhaontú Tionóntachta é ligean do dhuine fásta bogadh isteach i réadmhaoín de chuid na Comhairle gan cead roimh ré i scríbhinn ón Rannóg Leithdháiltí. Má thugtar cead i scríbhinn, déanfar an cíos a athbhreithniú ó dháta an cheada nó ó dháta taifeadta na háitíochta, cibé acu is túsce.

(13) Cruatan

Sa chás ina dtarlódh cruatan mar thoradh ar íoc cíosa arna ríomh de réir na Scéime, féadfaidh an Chomhairle a chomhaontú glacadh le suim níos lú ó thionónta ar feadh tréimhse sonraithe.

(14) Foirceannadh na Tionóntachta

Ar fhoirceannadh na tionóntachta, ar chúis ar bith, tá cíos, foghailrátaí agus / nó muirir réadmhaoine iomchuí infheidhme go dtí dáta aistriú na réadmhaoine chuig an gComhairle.